Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Iúil 2018
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2017/0125 (COD)**

**10801/18**
**ADD 2**

**CODEC 1229**
**POLMIL 100**
**COMPET 502**
**CFSP/PESC 664**
**CSDP/PSDC 392**
**COPS 252**
**EUMC 120**
**ECOFIN 702**
**IND 190**
**MI 516**
**RECH 328**
**EMPL 374**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta lena ndírítear ar thacú le hiomaíochas agus cumas nuálaíochta thionscal cosanta an Aontais **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráitis |

**<u>Dearbhú ón gCoimisiún le tacaíocht ó Pharlaimint na hEorpa maidir le cur chun feidhme an Chláir</u>**

D'fhonn an Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta a chur chun feidhme go héifeachtach agus chun comhsheasmhacht iomlán le tionscnaimh eile de chuid an Aontais a áirithiú, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an clár a chur chun feidhme faoi bhainistiú díreach i gcomhréir le hAirteagal 62(1)(a) den Rialachán Airgeadais.

**Dearbhú ón gCoimisiún maidir leis an gClár Oibre don Chlár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta a ullmhú agus a ghlacadh**

I gcomhréir le hAirteagal 188 de Rialachán Uimh. 1268/2012, is é an Coimisiún atá freagrach as an gclár oibre a ullmhú. Sa chomhthéacs sin, tugann an Coimisiún dá aire nach gá gur liosta iomlán é an liosta tosaíochtaí arna shainaithint sa Rialachán lena mbunaítear an Clár Eorpach Forbartha Tionscal réimse na Cosanta agus dá bhrí sin, nach gcreideann sé go mbeidh sé ina fhasach maidir le teorainneacha na gcumhachtaí cur chun feidhme a dheonófar don Choimisiún.

**Dearbhú ón gCoimisiún i dtaca le saineolaithe a roghnú chun meastóireacht a dhéanamh ar thograí faoin gClár i gcomhthéacs an nós imeachta dámhachtana**

Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh na scileanna, an taithí agus an t-eolas is gá ag na saineolaithe a roghnaítear le bheith sa bhunachar saineolaithe neamhspleácha dá dtagraítear in Airteagal 15, chun a gcúraim a chomhlíonadh mar is cuí. Féadfaidh an Coimisiún aon fhoinse ábhartha a úsáid lena n-áirítear aon fhaisnéis chun na críche sin a d'fhéadfadh a bheith ag Ballstáit i dtaca leis an méid sin agus an Rialachán Airgeadais á urramú go hiomlán aige.

Áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfear san áireamh, a mhéid is féidir, an t-aiseolas a fhaightear ó na Ballstáit i ndáil le dintiúir na saineolaithe i mbunachar na saineolaithe neamhspleácha.